Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11480/22**

**AGRI 343**
**AGRIFIN 80**
**FIN 836**
**ENV 760**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10997/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Sustainable water use in agriculture: CAP funds more likely to promote greater rather than more efficient water use' [Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht: is mó an seans go ndéanfaí úsáid níos mó uisce seachas úsáid níos éifeachtúla uisce a chothú le cistí CBT]<br>*– Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Sustainable water use in agriculture: CAP funds more likely to promote greater rather than more efficient water use' [Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht: is mó an seans go ndéanfaí úsáid níos mó uisce seachas úsáid níos éifeachtúla uisce a chothú le cistí CBT]*

a ghlac an Chomhairle ag an 3890ú cruinniú a bhí aici, an 18 Iúil 2022.

## Conclúidí ón gComhairle

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:** ***'Sustainable water use in agriculture: CAP funds more likely to promote greater rather than more efficient water use' [Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht: is mó an seans go ndéanfaí úsáid níos mó uisce seachas úsáid níos éifeachtúla uisce a chothú le cistí CBT]***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2021 ón gCúirt dar teideal '*Sustainable water use in agriculture: CAP funds more likely to promote greater rather than more efficient water use*' [Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht: is mó an seans go ndéanfaí úsáid níos mó uisce seachas úsáid níos éifeachtúla uisce a chothú le cistí CBT], ina ndírítear ar thionchar na talmhaíochta ar stádas cainníochtúil na ndobharlach agus ina scrúdaítear a mhéid a chothaítear úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht leis an Treoir Réime maidir le hUisce [1] agus leis an gComhbheartas Talmhaíochta;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas: réasúnuithe le haghaidh praghsáil uisce agus díolúintí ó na ceanglais maidir le húdaruithe le haghaidh astarraingt uisce i gcomhthéacs na Treorach Réime maidir le hUisce; naisc idir íocaíochtaí CBT agus caighdeáin chomhshaoil maidir le húsáid inbhuanaithe uisce; agus tionscadail arna gcistiú ag an Aontas i gcomhthéacs chuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach;

3. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil laghdú tagtha ar astarraingt uisce le haghaidh talmhaíochta mar thoradh ar reachtaíocht níos fearr maidir le pleanáil uisce amhail an Treoir Réime maidir le hUisce agus ar an bhfeabhas atá tagtha ar bhainistiú uiscithe de réir mar a chuirtear chun cinn sa CBT ach go bhfuil brú mór ar acmhainní uisce fós mar gheall ar éileamh méadaithe ar uisce de bharr an athraithe aeráide, i bhfianaise na meánteochta atá ag dul i méid agus dálaí adhaimsire atá ag tarlú níos minicí (lena n-áirítear triomach);

---

[1] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73).

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI cinntí na Cúirte go bhfuil dul chun cinn déanta ag na Ballstáit maidir le córais réamhúdaraithe le haghaidh astarraingt uisce, córais chun úsáid mhídhleathach uisce a bhrath agus sásraí praghsála, lena bhféadfaí éifeachtúlacht uisce a dhreasú agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha na Cúirte maidir le díolúintí d'fheirmeoirí le haghaidh astarraingt uisce, lena n-áirítear i réigiúin faoi bhrú uisce agus maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na haisghabhála costais le haghaidh seirbhísí uisce sa talmhaíocht, gnéithe a d'fhéadfaí a fheabhsú, de réir na Cúirte;

5. MEABHRAÍTEAR DI go n-áirithíonn na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce trína reachtaíocht náisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha le haghaidh astarraingt uisce, nach mór do na híocaíochtaí CBT ábhartha iad a chomhlíonadh, agus gur féidir cleachtais a chur chun cinn le glasú íocaíochtaí díreacha amhail féarthalamh buan a chosaint agus éagsúlú barr, cleachtais a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú le húsaid uisce a laghdú;

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go mbíonn tionchair éagsúla ag ganntanas uisce ar na Ballstáit, mar a léirítear sa tuarascáil ón gCúirt, agus nach mór réitigh iomchuí a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach (lena n-áirítear trí Phleananna Bainistíochta Abhantraí agus arna dtacú le Pleananna Straitéiseacha CBT a bheidh ann amach anseo) agus, dá bhrí sin, is iad na Ballstáit atá freagrach astu;

7. MOLANN SÍ go ndéanfaí meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce agus dea-chleachtais a mhalartú chun infheidhmeacht agus éifeachtacht na réiteach sin a fheabhsú;

8. MEABHRAÍTEAR DI FREISIN, le CBT don tréimhse 2023-2027, go neartaítear an comhleanúnachas idir CBT agus an Treoir Réime maidir le hUisce; tabharfar tacaíocht do chur chun feidhme na Treorach seo faoi CBT trí ionstraimí éagsúla, amhail íocaíochtaí CBT ábhartha uile a nascadh le comhlíonadh na rialacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme ceanglais áirithe na Treorach Réime maidir le hUisce[2] trí choinníollacht fheabhsaithe agus trí mhaoiniú infheistíochtaí (forbairt tuaithe agus cineálacha idirghabhála eile san earnáil torthaí agus glasraí) agus rachaidh sé chun tairbhe don inbhuanaitheacht maidir le húsáid uisce;

[2] Féach Airteagal 11(3), pointe (e) maidir le hastarraingtí uisce, agus pointe (h), a mhéid a bhaineann le ceanglais éigeantacha chun foinsí idirleata an truaillithe fosfáite a rialú i dTreoir 2000/60/CE.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i gcomhréir le forálacha CBT don tréimhse 2023-2027, go mbeidh ar na Ballstáit a áireamh ina bPlean Straitéiseach CBT an reachtaíocht agus na doiciméid phleanála a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT, lena n-áirítear Treoir Réime maidir le hUisce agus na Pleananna Bainistíochta Abhantraí, agus gur cheart a leagan amach ina bPlean, mar shampla, an chaoi a bhfuil infheistíochtaí in uisciú i gcomhréir le cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce chun dea-stádas uisce a bhaint amach;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go nglacann an Coimisiún leis na moltaí ón gCúirt maidir leis an méid seo a leanas:

– réasúnuithe a iarraidh maidir le díolúintí ó chur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce sa talmhaíocht;

– íocaíochtaí ábhartha CBT a cheangal le comhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil, gan coinníollacht a leathnú, áfach, chuig íocaíochtaí CBT nach ndeonaítear go díreach d’fheirmeoirí, amhail íocaíochtaí faoi chomheagrú an mhargaidh, ná coimircí breise a chur san áireamh sa CBT maidir le Tacaíocht Chúpláilte Dheonach (VCS) a íoc, ós rud é go n-áirithítear le cur chun feidhme cuí na Treorach Réime maidir le hUisce go n-úsáidtear uisce ar bhealach inbhuanaithe i gcás barr agus go ndéantar an nasc idir íocaíochtaí CBT agus forálacha ábhartha na Treorach Réime maidir le hUisce[3];

– cistí an Aontais a úsáid chun stádas cainníochtúil na ndobharlach a fheabhsú.

[3] Féach fonóta 2.